Coimisiún na Meán

# Treoir um Léirithe Spéise le haghaidh Sheirbhís Craolacháin Fuaime Chainte agus Nuachta Chuasanáisiúnta ar an mbanda FM

Dáta foilsithe:
10 Nollaig 2025

Spriocdháta le haghaidh freagartha:
9 Feabhra 2026

# Clár Ábhar


**Réamhrá** **3**

**Réamhrá** **4**

**Seirbhísí Raidió Tráchtála a Cheadúnú** **5**

Creat Reachtúil agus Beartais 5

An Tírdhreach Raidió Atá Ann Cheana 5

An Chéim Léirithe Spéise 5

**Iarratais Léirithe Spéise** **7**

**Foirm Léirithe Spéise** **9**

***1. Freagróir*** 9

***2. An Spriocluchta Éisteachta*** 10

***3. Cúrsaí Teicniúla*** 10

***4. Seirbhís Chlársceidealaithe*** 11

***5. Sonraí Maoinithe agus Oibríochtúla*** 12

***6. Dearbhú*** 13

# Réamhrá

Forchoimeádann Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") an ceart aon chuid den *Treoir um Léirithe Spéise le haghaidh Sheirbhís Craolacháin Fuaime Chainte agus Nuachta Chuasanáisiúnta do Lucht Éisteachta Fásta Amháin ar an mbanda FM ("Treoir")* a cheartú nó a shoiléiriú ag céim ar bith roimh agus tar éis an dáta dheireanaigh a nglacfar le hiarratais. Is é **12 meán lae Dé Luain, an 9 Feabhra 2026** an dáta deiridh le haghaidh iarratas.

Cuirfear aon cheartúchán, soiléiriú nó eolas forlíontach den sórt sin in airde ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://www.cnam.ie/ga/

Ba cheart gach ceist maidir leis an *Treoir* seo a sheoladh ar ríomhphost faoi **5pm Dé hAoine, an 16 Eanáir 2026** chuig:

**Deonú Conarthaí,**
**Coimisiún na Meán, 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**
**+353 1 6441200 / licensing@cnam.ie**

# Réamhrá

I gcomhréir le hAlt 65(6) den Acht Craolacháin, arna leasú ("Acht 2009"), cuireann Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") fáilte roimh Léirithe Spéise ó pháirtithe leasmhara a bhfuil suim acu Conradh Craolacháin Fuaime ("An Conradh") a fháil ar an mbanda FM le haghaidh **Sheirbhís Craolacháin Fuaime Chainte agus Nuachta Chuasanáisiúnta ar an mbanda FM** a sholáthar.

Tá an Conradh, arna choimeád ag Bauer Audio Ireland Limited faoi láthair, comhpháirtí ginearálta le Bauer Media Audio Ireland LP agus ag craoladh mar *Newstalk,* le dul in éag ar an 31 Nollaig 2026.

Déanfar Léirithe Spéise a mheas de réir chaighdeán, raon agus chineál na gclár atá beartaithe agus, go háirithe, de réir a mhéid a bheidh na seirbhísí ábhartha d'éisteoirí agus i gcomhthéacs éagsúlacht na seirbhísí atá ar fáil sa réimse saincheadúnais. Tabharfaidh an Coimisiún aird freisin ar inmharthanacht na seirbhíse beartaithe agus a mhéid a bhaineann an moladh úsáid éifeachtúil as speictream.

Ba cheart do pháirtithe leasmhara *Foirm Léirithe Spéise* an Choimisiúin, atá ar fáil sa Treoir seo, a chomhlánú (leagan word ar fáil ag www.cnam.ie), í a chur i bhfoirm leictreonach (PDF), le méid an chomhaid nach mó 8MB, agus í a sheoladh chuig an gCoimisiún.

**Tabhair faoi deara:** Dóibh siúd ar mhaith leo foirm Léirithe Spéise a sheoladh agus iarratas a chur isteach don Chonradh faoin bpróiseas iomaíoch a leagtar amach in alt 65(8) d'Acht 2009, tá treoir tháscach d'iarratasóirí ar chonradh craoltóireachta fuaime tráchtála ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó ar iarratas trí ríomhphost a chur chuig licensing@cnam.ie

Más sealbhóir an Chonartha atá i gceist i bhfógra a eisítear faoi Alt 65(6) d'Acht 2009 an páirtí leasmhar, meastar gurb é an páirtí leasmhar sin an "sealbhóir".

De réir Alt 67(2) d'Acht 2009, sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim gurb é an sealbhóir a chuir isteach an t-aon Léiriú Spéise a fuarthas de mheon macánta, féadfaidh an Coimisiún, dá lánrogha féin, nósanna imeachta faoi Alt 67(6) d'Acht 2009 ("Próiseas ceadúnaithe mear") a agairt.

Tabhair faoi deara **nach measfar gur** iarratas ar Chonradh é Léiriú Spéise mar fhreagra ar an bhfógra seo. Ba cheart do pháirtithe ar suim leo iarratas Léirithe Spéise a chur isteach, an t-iarratas sin a chur chuig an gCoimisiún faoi **12 meán lae Dé Luain, an 9 Feabhra 2026.** Tabhair faoi deara go gcuirfear gach Léiriú Spéise bailí ar fáil go poiblí i ndiaidh don Choimisiún iad a mheas.

# Seirbhísí Raidió Tráchtála a Cheadúnú

## Creat Reachtúil agus Beartais

In Acht 2009, leagtar amach an creat reachtúil i dtaca le seirbhísí breise craolacháin teilifíse agus raidió a cheadúnú agus a rialú ar ardáin éagsúla, an banda FM san áireamh, an creat reachtúil i dtaca le hilphléacsanna digiteacha agus i dtaca le cóid agus rialacha a fhorbairt.

Ina thaobh seo, leagtar cuspóirí leathana amach in Acht 2009 i dtaca le seirbhísí craolacháin fuaime a cheadúnú, agus chuir siad seo bonn eolais faoi fhorbairt pholasaí an Choimisiúin maidir le seirbhísí craolacháin fuaime a cheadúnú, mar a leagtar amach i *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* agus pleananna gaolmhara ceadúnaithe de chuid an Choimisiúin. Ba cheart do pháirtithe ar mhaith leo Léiriú Spéise a chur isteach don Chonradh le haghaidh sheirbhís craolacháin fuaime chainte agus nuachta chuasanáisiúnta a sholáthar a bheith ar an eolas faoin gcreat reachtúil agus rialála.

Tá Acht 2009 agus doiciméadacht an Choimisiúin i dtaca le beartais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag https://www.cnam.ie/ga/. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na léirithe spéise a fhaightear, déanfaidh an Coimisiún cuspóirí beartais maidir le hiolracht, le héagsúlacht, le hinbhuanaitheacht na hearnála agus le húsáid éifeachtúil speictrim a mheas. Ba cheart go gcuirfeadh an tseirbhís bheartaithe le meascán agus raon na seirbhísí agus an n-ábhar meán atá ar fáil do lucht éisteachta na hÉireann.

## An Tírdhreach Raidió Atá Ann Cheana

Tá *Newstalk* ar cheann de thríocha a trí (33) sheirbhís raidió tráchtála áitiúil/réigiúnach/ilchathrach agus náisiúnta atá ceadúnaithe ar an mbanda FM sa Stát. Is seirbhís raidió tráchtála chainte agus nuachta chuasanáisiúnta í a dhíríonn go príomha ar dhaoine fásta atá 15 bliana d'aois nó níos sine.

Freastalaíonn dhá sheirbhís tráchtála náisiúnta/chuasanáisiúnta, *Today FM* agus *Spirit FM*, 26 sheirbhís áitiúil a chraoltar i bhformáid leathan nó atá dírithe ar an gceol, seirbhís ilchathrach amháin atá dírithe ar an gceol, trí sheirbhís cheoil réigiúnacha don aos óg agus ceithre sheirbhís raidió náisiúnta phoiblí de chuid RTÉ ar an mbanda FM ar an réimse saincheadúnais.

Soláthraíonn gach ceann acu seo seirbhísí difriúla ó thaobh ábhair, formáide agus ábharthachta don lucht éisteachta sna réimsí saincheadúnais difriúla.

## An Chéim Léirithe Spéise

**Níl** an chéim Léirithe Spéise mar chuid den phróiseas iarratais do sheirbhís raidió tráchtála. Cuirtear tús leis an bpróiseas iarratais nuair a eisíonn an Coimisiún fógra ag lorgiarratas don tseirbhís ábhartha raidió de bhun Alt 65(8) d'Acht 2009. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún freisin nós imeachta mear a agairt faoi Alt 67 d'Acht 2009 in imthosca sonraithe. Roimh thús an phróisis iarratais agus le bonn eolais a chur faoina chinneadh maidir le cén próiseas ceadúnaithe a chuirfear i bhfeidhm, tá an Coimisiún ag lorg Léirithe Spéise i dtaca leis an gconradh le haghaidh sheirbhís raidió tráchtála áitiúil a chraolfar i bhformáid leathan a fháil, de bhun Alt 65(6) den Acht. Ba cheart do fhreagróirí féideartha do

ghlao ar Léirithe Spéise féachaint don chineál seirbhíse atá beartaithe.

Chuige sin, tarraingítear aird na bhfreagróirí féideartha ar na bunchaighdeáin seo a leanas, nár mhór iad a chomhlíonadh ag an gcéim iarratais don tseirbhís bheartaithe:

1. Ní mór d'iarratasóir a bheith ina eintiteas dlíthiúil nó ní mór d'iarratasóir an t-eintiteas dlíthiúil a dhéanfadh an conradh craolacháin fuaime atá beartaithe a chur in iúl.
2. Ní mór d'iarratasóir acmhainn chuí airgeadais agus inniúlacht chuí theicniúil a bheith acu chun forbairt oibríochtaí laethúla na seirbhíse beartaithe a chur i bhfeidhm agus/nó a mhaoiniú agus a chothabháil.
3. Ní mór go mbeadh caighdeán, réimse agus cineál na gclár a bheartaíonn gach iarratasóir teacht lena bhfuiltear ag súil ó gach cineál seirbhíse atá beartaithe.

Trí iarratas a chur isteach, ag baint úsáid as foirm an Choimisiúin mar a leagtar amach i gcuid 4 thíos í, ní mór do fhreagróir a dhearbhú i scríbhinn, thar ceann an eintitis a mholtar san iarratas, go gcreideann sé nó sí go bhfuil sé ar chumas agus d'inniúlacht theicniúil an eintitis sin an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil, go bhfuil an taithí chuí aige lena cur ar fáil, agus go mbeidh sé in ann na bunchaighdeáin a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.

# Iarratais Léirithe Spéise

Léigh na treoirnótaí seo a leanas sula gcomhlíonann tú an fhoirm Léirithe Spéise.

1. *Foirm:* Ní mór an fhoirm Léirithe Spéise a chomhlíonadh i mBéarla nó i nGaeilge agus ní mór í a chomhlíonadh ina hiomláine agus gach faisnéis a iarrtar a chur san áireamh inti.

2. *Iarratas:* Ní mór an fhoirm Léirithe Spéise a chomhlíonadh i gclóscríbhinn nó i mbloclitreacha i ndúch dubh. Ba cheart cóip leictreonach amháin i bhformáid PDF, le méid an chomhaid nach mó ná 8MB, a chur chuig licensing@cnam.ie faoi **12 meán lae Dé Luain, an 9 Feabhra 2026.** Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

3. *Rochtain Phoiblí:* Tabhair faoi deara go bhfoilseofar gach foirm Léirithe Spéise a fhaightear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (https://www.cnam.ie/ga/) tar éis don Choimisiún iad a mheas. Cuirfear Léirithe Spéise ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ag oifigí an Choimisiúin ag an am céanna.

4. *Faisnéis Rúnda:* Féadfaidh an Coimisiún rochtain bhaill an phobail ar ábhar atá mar chuid de Léiriú Spéise a chosc nuair a mheasann an Coimisiún gur chóir ábhar dá leithéid a choinneáil rúnda. Áirítear le faisnéis a mheastar a bheith de chineál rúnda, i measc nithe eile, faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de agus faisnéis, dá nochtfaí í, a sháródh an oibleagáid rúndachta ar an bpáirtí leasmhar i leith an tríú páirtí.

   ***Tabhair faoi deara:*** Ní mór faisnéis atá rúnda, dar le páirtí leasmhar, a chur i láthair in aguisín a ghabhann leis an Léiriú Spéise. Ba cheart an t-aguisín a mharcáil mar "rúnda". Ní mór na cúiseanna a mheastar go bhfuil an fhaisnéis rúnda a leagan amach. Sa chás go gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar atá curtha in aguisín rúnda ag iarratasóir a chur ar fáil lena iniúchadh, pléifidh sé leis an bpáirtí leasmhar é chun teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochta. Mura féidir teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse a mheasann an Coimisiún, dá lánrogha féin, a bheith réasúnta, déileálfaidh an Coimisiún leis an bhfaisnéis ábhartha mar fhaisnéis atá tarraingthe siar, agus ní mheasfar mar chuid den Léiriú Spéise í.

5. *Saoráil Faisnéise:* Féadfar eolas a chur ar fáil don phobal maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi fhoilsiú aon fhaisnéise a ndéileáiltear léi mar fhaisnéis rúnda tráth an chur isteach, sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

   Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoi Acht 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise dá dtagraítear sa chuid seo. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún, barántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

6. *Cosaint Sonraí:* D'fhonn an próiseas Léirithe Spéise seo a fheidhmiú go héifeachtach, éileoidh an Coimisiún roinnt sonraí pearsanta/eolas teagmhála.

Comhlíonfaidh an Coimisiún a chuid oibleagáidí faoin Treoir RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún gach sonra pearsanta a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar Léiriú Spéise sa phlean ceadúnaithe seo a chosaint, agus tá sé tiomanta don oibleagáid sin a chomhlíonadh. Ní choinneofar aon sonraí pearsanta a chuirtear isteach ach amháin i rith thréimhse an phróisis cheadúnaithe. Ceapadh Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí sa Choimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir leat níos mó eolais a fháil maidir le conas a phróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta agus maidir le beartais ghaolmhara an Choimisiúin ag: [Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí (cnam.ie)](cnam.ie)

# Foirm Léirithe Spéise

Iarrfar ort faisnéis a chur ar fáil faoi na cúig cheannteideal seo a leanas: 1) Freagróir; 2) Spriocluċht Éisteachta; 3) Cúrsaí Teicniúla; 4) Clársceidealú; agus 5) Sonraí Maoinithe agus Oibríochtúla. Ní mór do fhreagróirí an Dearbhú a chomhlánú i gcuid 6 den fhoirm chomh maith.

Comhlánaigh an fhoirm iarratais ina hiomláine, le do thoil. **Ní mheasfar gur Léirithe Spéise bailí iad foirmeacha/iarratais neamhiomlána.**

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, sábháil mar cháipéis PDF amháin í agus seol chuig an gCoimisiún í de réir mar a threoraítear sa Treoir seo.

Trí Léiriú Spéise a chur isteach, tá tú ag dearbhú an méid seo a leanas don Choimisiún:

2. gur léigh agus gur thuig tú an *Treoir um Léirithe Spéise le haghaidh Sheirbhís Craolacháin Fuaime Chainte agus Nuachta Chuasanáisiúnta do Lucht Éisteachta Fásta Amháin ar an mbanda FM;*
3. go gcuirfear d'iarratas ar fáil go poiblí; agus,
4. go gcreideann tú go bhfuil sé ar chumas agus d'inniúlacht an eintitis a mholtar san iarratas an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil, go bhfuil an taithí chuí aige lena cur ar fáil, agus go mbeidh sé in ann na bunchaighdeáin a leagtar amach i gcuid 2.3 den Treoir a chomhlíonadh.

## 1. *Freagróir*

| **Freagróir** | |
|---|---|
| 1.1 Soláthair sonraí an duine/an eintitis atá ag déanamh an iarratais: | |
| 1.2 Sonraí Teagmhála: | |
| Ainm Iomlán an Teagmhálaí: | |
| Seoladh Ríomhphoist an Teagmhálaí: | |
| Uimhir Theileafóin an Teagmhálaí: | |
| Seoladh Poist an Teagmhálaí: | |
| 1.3 Soláthair sonraí ar chúlra agus/nó ar thaithí ábhartha an fhreagróra i gcomhthéacs an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil: | |

| |
|---|
| |

## 2. *An Sprioclucht Éisteachta*

| 2.1 Tabhair cur síos agus próifíl, ag déanamh tagairt don aoisghrúpa 15+, ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí ar a ndíreoidh an tseirbhís bheartaithe go príomha: |
|---|
| |
| 2.2 Soláthair sonraí ar do lucht éisteachta réamh-mheasta (clúdach) sa spriocphobal seo do na chéad trí bliana oibríochta den tseirbhís atá beartaithe: |
| |

## 3. *Cúrsaí Teicniúla*

| 3.1 Soláthair Ainm an tSuímh, Tagairt Eangaí Náisiúnta (Exxxxxx Nyyyyyy), Airde an tSuímh, Airde Aeróige, Cumhacht Éifeachtach Radaithe (ERP) Bheartaithe agus Patrún Aeróige Beartaithe do gach suíomh tarchuir Banda II An-Ardmhinicíochta (VHF) atá de dhíth chun clúdach a sholáthar don réimse saincheadúnais, fad is a ndéantar sceithchlúdach ar limistéir in aice láimhe a íoslaghdú: |
|---|
| |
| 3.2 Soláthair réasúnaíocht don phlean tarchurtha atá beartaithe. Ba cheart a áireamh inti cur síos ar an gclúdach iomlán a sholáthrófar, limistéir a d'fhéadfadh clúdach imeallach nó droch-chlúdach a fháil agus míniú ar cén chaoi a mbaineann an togra seo úsáid éifeachtúil as speictream: |
| |

| |
|---|
| 3.3 Tabhair le fios líon, cineál agus suíomh na stiúideonna atá de dhíth chun an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil: |
| |

### 4. *Seirbhís Chlársceidealaithe*

| |
|---|
| 4.1 Soláthair cur síos ginearálta ar fhormáid agus ar ábhar na seirbhíse clársceidealaithe atá beartaithe: |
| |
| 4.2 Leag amach do réasúnaíocht don tseirbhís bheartaithe i gcomhthéacs na gcuspóirí a leagtar amach i *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* an Choimisiúin agus, go háirithe, an chaoi a gcuirfidh an tseirbhís le héagsúlacht agus le hiolracht do lucht éisteachta na hÉireann trí thagairt a dhéanamh:<br>• do spéiseanna an spriocluch éisteachta;<br>• d'éagsúlacht seirbhísí agus ábhar meán atá ar fáil sa réimse saincheadúnais, limistéir Ghaeltachta san áireamh |
| |
| 4.3 Soláthair sonraí ar an méid seo a leanas:<br>• líon iomlán na n-uaireanta craolta (in aghaidh an lae/na huaire); agus<br>• líon na n-uaireanta beo (in aghaidh an lae/na huaire). |
| |
| 4.4 Déan cur síos ar do chur chuige (cur síos gairid ar an gcineál clársceidealaithe agus ar chéatadán na n-uaireanta craolta in aghaidh an lae san áireamh) maidir leis an nuacht, cúrsaí reatha, caint agus clársceidealú eile (más infheidhme). |
| |

| 4.5 Soláthair sonraí ar aon socrú líonraithe atá beartaithe: |
|---|
| |

## 5. Sonraí Maoinithe agus Oibríochtúla

| 5.1 Déan cur síos ar thograí réamh-oibríochta maoinithe agus infheistíochta agus ar an tsamhail ghinearálta oibríochtúil agus eacnamaíoch atá beartaithe i dtaca leis an tseirbhís bheartaithe (cuir sonraí ar aon líonraí sindeacáitithe atá beartaithe san áireamh): |
|---|
| |
| 5.2 Sainaithin aon mhaoinitheoirí seachtracha agus aon phríomhfhoinsí ioncaim atá beartaithe: |
| |
| 5.3 Soláthair réamh-mheastacháin bhliantúla ar ioncam agus ar chaiteachas do na chéad trí bliana oibríochta: |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bliain | | | |
| Ioncam | | | |
| Caiteachas | | | |
| Glanbhrabús / (Glanchaillteanas) | | | |

| 5.4 Mínigh cén fáth a gcreideann tú go mbeidh an tseirbhís bheartaithe inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, ag déanamh tagairt do na socruithe foriomlána oibríochta agus d'aon cheisteanna ábhartha eile: |
|---|
| |
| 5.5 Soláthair sonraí táscacha ar agus réasúnaíocht maidir leis:<br>• an struchtúr eagraíochtúil atá beartaithe (bainistíocht agus soláthar foirne). |
| |

| |
|---|
| |

### 6. *Dearbhú*

| 6.1 Agus an t-iarratas Léirithe Spéise seo á chur chuig an gCoimisiún, iarrtar ort an dearbhú seo a leanas a chur san áireamh: |
|---|
| Dearbhaím,____, thar ceann (cuir isteach ainm an eintitis dhlíthiúil atá beartaithe san iarratas seo) ("An Freagróir") go gcreidim go bhfuil sé ar chumas agus d'inniúlacht an Fhreagróra an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil, go bhfuil an taithí chuí aige nó aici lena cur ar fáil, agus go mbeidh sé nó sí in ann na bunchaighdeáin a leagtar amach i gcuid 2.3 den *Treoir um Léirithe Spéise le haghaidh Sheirbhís Craolacháin Fuaime Chainte agus Nuachta Chuasanáisiúnta do Lucht Éisteachta Fásta Amháin ar an mbanda FM* a chomhlíonadh, agus go bhfuil mé údaraithe go cuí chun an dearbhú seo a dhéanamh thar ceann an Fhreagróra. |
| 6.2 Ainm & Teideal, Síniú agus Dáta: |
| |